

# NUACHT Litríochta

Le Colm Ó Broin

## Ó Chéitinn go Raiftearaí: Mar a cumadh stair na hÉireann

Vincent Morley  
Coiscéim, €10

S a leabhar thar a bheith suimiúil seo téann Vincent Morley i ngleic leis an teoiric gur cruthaigh intleachtóirí meánaicmeacha náisiúnachas na hÉireann san 18ú agus sa 19ú céad, agus gur i mBéarla a tharla sé.

Ag tús an leabhar, luann sé dhá staraí a chuireann an teoiric seo chun cinn, John Hutchinson ón Astráil agus Joep Leerssen ón Ísiltír.

Mhaigh Hutchinson ina leabhar *The Dynamics of Cultural nationalism: The Gaelic Revival and the Creation of the Irish Nation State*, “*The construction of an Irish national identity vis-a-vis England began only in the eighteenth century*.”


Maidir le cultúr na Gaeilge, mhaigh sé “*from the sixteenth and seventeenth centuries onwards, it became reduced steadily to the status of the folk culture of an unlettered peasantry*.”

Dúirt Leerssen in *Mere Irish* agus *Fíor-Ghael*, go deimhin, “*the native tradition in the nineteenth century is almost silent, having at long last been pauperized into virtual illiteracy*.”

Dar le Morley nach bhfuil bunús leis na teoricí seo. Is cinnte go raibh náisiúnachas na nÉireannach Aontaithe agus na bpoblachtánach sa 19ú haois difriúil ón náisiúnachas a bhí ann roimhe sin, ach léiríonn sé go bhfuil dlúthbhaint eatarthu.

“Dá mbeadh orm éirim an leabhair seo a chur i bhfocal amháin, is é ‘leanúnachas’ an focal a roghnóinn,” ar seisean.

Cíorann Morley cén áit as ar eascair na mórthéamaí i stair na hÉireann atá i mbéal an phobail go fóill. Na príomhchinn ná Naomh Pádraig agus teacht na



Críostaíochta, Cath Chluain Tarbh, feall Dhiarmuid Mac Murchadha agus teacht na Normannach, Cogadh an Dá Aodh, Éirí Amach 1641, barbarthacht Chromail agus Cogadh an Dá Rí.

Is i lámhscríbhinn ar nós ‘Foras Feasa ar Éirinn’ agus ‘Tuireamh ar Éireann’ a rinneadh cur síos ar stair na hÉireann agus na nGael

thús ama. Níl aon dabht ach go bhfuil tuiscint iontu gur náisiún é Éire.

Rinneadh cóipeanna de na saothair seo agus scaipeadh iad ar fud an oileáin.

D’fhoghlaim filí, múinteoirí agus scéalaithé iad de ghlanmheabhair agus rinne siad aithris orthu do shluaite timpeall na tíre.

Scríobhadh ‘Foras Feasa ar Éireann’ san 17ú hAois ach rinneadh níos mó cóipeanna den saothar ag tús an 18ú hAois ná ag aon ama eile.

Bhí Tuireamh ar Éireann níos gonta ná Foras Feasa agus scríobhadh é i ngnáthchaint na ndaoine. Rinneadh níos mó cóipeanna de ag tús an 19ú hAois ná am ar bith eile, tráth go raibh “*quite simply, almost no native, Gaelic-language material to scrutinize for its national attitudes*”, dar le Leerson.

Go deimhin féin, measann Morley gurbh é Tuireamh ar Éireann ceann de na saothair scríofa is táb-

**Is i lámhscríbhinn ar nós ‘Foras Feasa ar Éirinn’ agus ‘Tuireamh ar Éireann’ a rinneadh cur síos ar stair na hÉireann agus na nGael ó thús ama. Níl aon dabht ach go bhfuil tuiscint iontu gur náisiún é Éire.**

hachtaí i stair agus cultúr na hÉireann.

Ní hionann an méid a bhí le rá ag na húdair san 17ú agus 18ú hAois is a bhí le rá ag Tone, Thomas Davis ná an tuiscint a bheadh ar náisiúnachas ag pobal an lae inniu, áfach.

Mar aon le clamhsán go raibh Éire i seilbh eachtrannach, bhí dílseacht don chreideamh Caitliceach mar chuid lárnach den teachtaireacht a bhí acu. Ní haon ionadh é seo, áfach, dar le Morley, toisc gur sagairt a bhí in údair ‘Foras Feasa’ agus ‘Tuireamh ar Éireann’ agus go leor scríbhinní eile.

Bhí dílseacht do na Stiobhardaigh mar théama ag údair ó ré na Cónaidhme Caitlicí go bás Shéarlais Óig, Bonnie Prince Charlie, in 1788 chomh maith. Dar le

Morley, rinneadh neamhaird ar Chogadh an Dá Aodh sa tréimhse seo. An chúis leis sin, dar leis, ná go rabhthas ag iarraidh béim a leagan ar dhílseacht don Choróin agus nár réitigh gaiscíocht Aodh Uí Néill agus Aodh Uí Dhónaill leis an teachtaireacht seo toisc nach bhféadfaí a rá go raibh siad dílis don choróin.

Rinneadh athscríobh eile ar an stair le theacht an phoblachtachais. Is éard a rinne siad san 19ú hAois ná gur thóg siad na téamaí ó na lámhscríbhinní a thacaigh lena ndearcadh, is é sin, na hiarrachtaí a rinne Éireannaigh cumhacht eachtrannach a chloí, idir Bhrian Bóirmhe, an dá Aodh, Eoghan Rua Ó Néill agus Pádraig Sairséil, agus thug siad bata agus bóthair do na téamaí nár oir dóibh - tábhacht an Chaitliceachais agus dílseacht do na Stiobhardaigh.

Aistríodh ‘Foras Feasa ar Éireann’, ‘Tuireamh ar Éireann’ agus eile go Béarla ag tús an 19ú hAois agus is as na foinsi Gaeilge sin a d’eascair an tuiscint atá againn sa lá atá inniu ann ar stair na tíre, dar leis an leabhar seo.

Toisc nach bhfuil Gaeilge ag go leor staraithé, déanann siad neamhaird de na bunfhoinsí a scríobhadh sa teanga. Dá mba rud é gur tharla sé i nGaeilge níor tharla sé ar chor ar bith, is cosúil.

Ardsaothar atá anseo. Is trua, áfach, nach bhfuil níos mó ann faoin náisiúnachas, nó proto-náisiúnachas b’fhéidir, roimh an 16ú hAois, má bhí a leithéid ann. Mar aon leis sin, ní féadfaí a rá gur staraithé aitheanta iad Hutchinson agus Leerson agus láidreodh sé cás agus tábhacht theoiric Morley dá mbeadh sé ag dul in adharca le cinn níos cáiliúla atá ar aon intinn leo.

Ceist shíoraí atá ag an gcine daonna ná cárbh as a dtáinig muid agus is cinnte go gcuireann an leabhar seo leis an tuiscint atá againn ar stair na tíre seo.

## Cá bhfuil an leathanach teilifíse / raidió?

Ar chúinsí teicniúla, ní raibh muid in ann leathanach teilifíse / raidió a chuir ar fáil an tseachtain seo. Ach beidh leathanach teilifíse / raidió, agus cruth úr air, ar ais arís in Gaelscéal sna seachtainí amach anseo.